**Ar Strae Scríofa ag Sasha Dugdale**

Triúr seanbhean cearrbhachais.

Fuaim na gcártaí á gcur síos ar an mbord. Fuaimeanna: ooh! eh?! agus feadaíl idir fiacla agus an teannas ag dul i méid.

BEAN 1. (phlabann sí síos carta). Banríon na clubanna. Tabhair suas do áilleagáin, deirfiúracha.

BEAN 2 Bhuaigh mé ar ais é (ar sise d'olagón). BEAN 1. Níor cheart go gcuire mé geall leis. WOMAN 2. Rud beag suarach, é.
BEAN 1. Is maith liom é. Oinisc?

WOMAN 2. Ach rud tábhachtach ab ea é. Bean 1. Oinisc (sos) OiniscOiniscOinisc WOMAN 2. Tugadh dom é.
BEAN 1. Oireann sé m'ordóg go paiteanta. BEAN 2. Is drochbhean thú.

BEAN 3. Ní haon hiontas é go bhfuil sí ina haonar.

BEAN 1. I m'aonar (ag maíomh). Mise is mo fáinne oinisc. Gan fear céile mídhílis.

BEAN 2. Cosúil le francach gan eireaball.
BEAN 3. Mise ag roinnt na cártaí?
BEAN 1. (Ós árd). Sea.
BEAN 3. Ceart go leor! Ní duine bodhar mé.
*Ag útamáil lena chúnamh éisteachta, glór an chúnamh agus í ag choigeartú*. Damnaigh an rud leictreach seo. B'earr liom trumpaí cluaise, ceann acu. BEAN 1. Amaideach

BEAN 3 (fós ag útamáil leis an chúnamh éisteachta). Níl fuaim ar bith i mo cheann. Imíonn glór an domhain amach. Cosúil le mo dhuine, nach ea?

BEAN 1. Thit sé mar chrann, díreach ar an dtalamh gan tiontaigh. BEAN 2. Cuir an fáinne dubh síos domsa. Thaitin liom é.
BEAN 1. Is maith liom é, freisin. Anseo, cuirfidh mé seo síos.
*Blíp ag teacht ón n-úaireadóir dhigiteach saor.*

BEAN 3. An bhfuil sé i ríocht oibre?
BEAN 1. Is ceann maith é.
BeAN 3. An mbíonn sé ag coinneáil an ama?

BEAN 2. Is truflais é, sin cad a bhfuil sé. Cuir mo fáinne síos.
BEAN 1. Níl sé do fáinne a thuilleadh!
BEAN 3. B'ada liom m'úaireadóir dhigiteach féin. Cosúil le sceimhlitheoirí.
BEAN 2. Sceimhlitheoirí. Cad atá ar eolas agat faoi sceimhlitheoirí?

BEAN 3. Tá úaireadóirí dhigiteacha acu.
BEAN 2. An bhfuil buama i do mhála láimhe agat?
BEAN 3. Rud níos fearr ná buama.
Fuaim buidéal á dhíscriú agus gloiní á líonadh. Clingeann siad na gloiní. BEAN 1 (Ólann sí agus sí ag spleachadh a béil). Borradh!!
BEAN 2. (ag snagaireacht). Cé leis an gceann seo?
BEAN 3. Oideas Mhamaí. Bíonn speabhraídí ort tar éis é a óladh.
BEAN 2. Cumhachtach.
BEAN 1. Oscail an tríú súil fuilithe ar d'aghaidh.
BEAN 2 (ag casacht). Sceadamán nimhneach orm.

BEAN 1. Lámh eile?

BEAN 3. Gheall tú d'ear céile leis an diabhal agus chaill tú. (sos) Nó, ar bhuaigh tú, a stór?

BEAN 1. B'éidir gur bhuaigh mé. BEAN 3. Imeacht gan teacht air?

BEAN 1. Bhí sé ag caimiléireacht orm le leadrán éigin. Ag ceannach stuif di. Le mo chuid airgid.

BEAN 2. Cuir an fáinne síos. BEAN 1. OiniscOiniscOinisc? BEAN 2. Le do thoil?

BEAN 3. Coinnigh ort! Tabhair seans di é a bhuachan ar ais.
BEAN 1. Ar aghaidh linn! Taispeáin dúinn cúpla geallanna ar fiú imirt leo.

BEAN 3. B'iú imirt leo. (fuaim muiscíte ag teacht as áis éisteachta as áis éisteachta agus an bhean ag útamáil leis agus á bhaint)

BEAN 1. Uch. (ós árd) Bíonn an rud sin isteach i do chluas. Tá do chéir chluaise te air.

BEAN 3. Ní chloisim rud ar bith gan é. Is féidir leat é a chaith sa loch má bhuann thú.

BEAN 1. Déanfaidh mé é gan amhras. Cad é an píosa páipéir scoite seo? BEAN 2. Litir phríobháideach.

BEAN 3. Níor cheart duit –
BEAN 1. Geallta arda, a dúirt sí.

BEAN 3. 'Sea, ach tá geallta ard agus tá - BEAN 1. Cé as é? Tabhair anseo é sin?! *Buaileann BEAN 2 a lámh.*
BEAN 2. Níl seans dá laghad agat! BEAN 1. Ó. Thatnaíonn mistéir liom. Tosaíonn siad ag imirt.

BEAN 3. Ní cheart dom a bheith anseo.
BEAN 1. Rudaí le déanamh? Bualadh le daoine?

BEAN 3. Tá sé sin i gcoinne na rialacha.

BEAN 2. Cad é? An cearrbhachas?

BEAN 3. An monabhar?

BEAN 1. (ag caint níos airde) An cearrbhacas? Is beag an Las Vegas é seo. Féach timpeall ort. Poll beag ina mbíonn cac sicín.

BEAN 3. Ciallaím Coróin. Triúr againn istigh.

BEAN 1. Coróin-smóin. Níos dóichí go ngeobhaidh tú bás den taise. Ar aon nós tá gach rud thart anois.

BEAN 2. An bhfuair tú an vacsaín?
BEAN 1. Fuair mé, gan dabht, mo ghrá.
BEAN 2. (ag caint níos airde). Cad faoi tusa?
BEAN 3. Ní gheobhaidh mé go deo é.. 5G nach ea? Crann cumarsáide fóin.

BEAN 1. Imigígí leat, ní féidir leat fiú comhartha a áil anseo. Bhí mé suas sa bhanrach uachtarach barr ag iarraidh glaoch a chur ar na ngeallghlacadóir. An t-aon áit amháin a raibh mé in ann comhartha a áil.

BEAN 3. Cé a chuir tú airgead air?
BEAN 2. Chuir mé cúpla phingin ar Innocent Flower an tseachtain seo caite.
BEAN 1. Bígí ag faire amach don chuileog sin. Reathaí atá ann.
BEAN 3. Ní éireoidh go maith leis.
Bean 1. Coinneoidh mé é sin.

*Tá briseadh agus iad ag imirt.*

Mar sin...(go neamhchúiseach) cad atá leis an litir mar sin a ghrá?

BEAN 2. Ná bí ag cur isteach orm.

BEAN 1. Níl.

BEAN 2. Beir amuigh orm mar sin.

BEAN 1 (go cantalach). Cén fáth a bhfuil tú chomh míofar?

BEAN 2. Ar a laghad níor mharaigh mé m'ear céile.

BEAN 1. Níor ág mé maol marbh é– níor theastaigh uaim ach é a bheith marbh, an diabhal caimiléireachta.

BEAN 2. Dúirt tú é os comhair Baba Yaga anseo. Nach dúirt tú? BEAN 1. Ní féidir léi tú a chloisteáil. Bhain sí a cluas as í féin. BEAN 3. Cé hí, máthair an chait?
BEAN 2. (níos airde). Cad a rinne tú dá fear céile?

BEAN 3. (seachantach). Níor cheart go raibh sé thuas ar dhréimire i rith stoirm.
BEAN 2. Cad a bhí ar siúl aige thuas ar dhréimire an oíche sin?
BEAN 1. Dúirt mé leis go raibh an cat ar an díon.
BEAN 2. An raibh?

BEAN 1. Níl cat againn.

BEAN 3 (caitheann sí a cártaí ar an mbord). Féach! Bhuaigh mé! Tá sí ansin arís!! Banríon na gClubanna! Is liomsa í an uair seo (pógann sí an cárta). Tabhair dom do chuid féiríní luachmhara go léir! (bualann sí fuaimeanna druma bua ar an mbord) Is maith liom fáinne oinisc dom féin! Dubh! Chomh dubh le mo chroí.

BEAN 1. Éist!! (níos airde agus ag fuaimniú) Suigh síos! Níor bhuaigh tú.

BEAN 3 (amhrasach). Ní féidir liom tú a chloisteáil.

BEAN 1. Níor bhuaigh tú. Féach, d'imir mé leis an seacht spéireata. An bhfeiceann tú?

BEAN 3. Ní féidir liom tú a chloisteáil fós.

BEAN 1. CÉN FÁTH NÁ CHUIREANN TÚ DO ÁIS ÉISTEACHTA AR AIS I DO CHLUAS ? Is féidir liom í a stróiceadh as do chluas má bhuaim.

BEAN 3. Ceart go leor, ceart go leor.

*Leanann siad ar aghaidh ag imirt.*

BEAN 3. Beidh cogadh ar siúl go luath. BEAN 2. Cad é?

BEAN 3. Glac uaimse é. Cogadh mór trom. Cogadh mór amach is amach. Cosúil leis an ceann a raibh m'athair i mbun cogaíochta. Tá sé sa talamh. Cosúil le nead na seangáin, na seangáin go léir ag sciorradh thart ar an dtalamh, agus an talamh líonta le pasáistí beaga agus fochla is an ithir ag creimeadh. Cloisfidh tú é má éisteann tú. Agus ansin lá amháin, tá sé ansin, imíonn an talamh faoin ár gcosa, agus tá na foirgnimh tholla i ngach aon áit, agus sula bhfuil a ios agat tá siad ag spréachadh lena chéile.

BEAN 2. Na seangáin? BEAN 3. Na daoine.

BEAN1 (níos airde). Conas is féidir leat seangáin i mbun cogaidh a chloisteáil, ach níl tú in ann muidne a chloisteáil?

BEAN 3. Is féidir liom é a eiceáil. Samnasach. Tá sé san aer. Deatach cosúil le guairneáin an scamaill. Agus tá na páirceanna lom faoi loigíní ach tá saolta scaipthe cosúil le ghrán i rith dtriomach.

BEAN 1. Déan gar dúinn, a ghrá. Rud gruama atá ann. Cloímid leis na rásaí, ceart go leor.

BEAN 3. Aigéan Neiptiún. Newbury 6 go 1.

BEAN 2. (gan choinne). An féidir liom mo litir a áil thar nais?

BEAN 1. Ar ndóigh, ní féidir.

BEAN 2. Tá bróiste agam. Anseo. Cuireadh mé é sin síos?

BAN 1. Ní féidir leat na geallta a athrú, a ghrá.

BEAN 2. Féach ar sin! Féach-Ulchabhán óg. Twittwwooooo... (céimnigh amach)

*Sos*

BEAN 1. Cén fáth ar chuir tú síos é?

BEAN 2. Mar theastaigh uaim mo áinne a áil ar ais! Toisc - ach tá tú i dtréimhse bhailteach!

BEAN 1. Taispeáin dom do lámh.

*Ciúnas*

BEAN 2. ...Ní hea... Tabhair seans eile dom...

BEAN 1. Ní mar sin a oibríonn sé. Imirt ealltach í sin.

BEAN 2. Tá ios agam. An uair seo. Amadáin ceart a bhí mé.

BEAN 1. Ní féidir linn imirt muna mbíonn duine againn cothrom.

BEAN 2. Is maith liom é sin! Tusa! Imirt ealltach atá ann?

BEAN 3. Tús glan. Roinntóidh mé arís iad.

BEAN 1. Ceart go leor, mise arís. Aontóidh tú gurb é an buaiteoir ná an duine a léifidh é?

Fuaim na gcártaí á suaitheadh agus roinnt acu á dtabhairt amach.
BEAN 2. Rachaidh mé (cuireann sí cárta síos agus tosnaíonn siad ag imirt)

BEAN 1. Aa, ansin!

BEAN 2. (cuireann cártaí ar an mbord). Cad atá déanta agam le seo.

BEAN 1. Sea, bhí a ios agam -

BEAN 3 (Plabann sí a cártaí síos, ag cur isteach ar BEAN 1). Rí na Croí! Féach ar sin! D'imir mé an mámh! Tabhair dom an litir.

BEAN 1. Ní chreidim é.
BEAN 3. Imirt ionraic a bhí ann.
BEAN 1. Mealann tú na gcártaí, an ea?
BEAN 3. Ní tusa an t-aon bhuaiteor. Tá sé sin ar eolas agat. BEAN 2. (go himníoch). Cad a dhéanfaidh tú leis an litir? BEAN 3. Dóigh í, a ghrá. Mar ba chóir duit a dhéanamh. BEAN 2. Ní dóifidh mé-
BEAN 1. Léigh ar dtús é! Léigh amach é!
BEAN 2. Ní féidir leat –
BEAN 1. Tabhair liom í-
BEAN 2. Fan ansin -
BEAN 1. Is liomsa í -
BEAN 3. Duine ar bith.
*Lasann BEAN 3 cipín.*
*Ciúnas ann agus an litir á dhó.*
*Gabhann ulchabhán thar agus é ag scréach.*